Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9913/25**

**LIMITE**

**CORLX 559**
**CFSP/PESC 841**
**RELEX 713**
**COHOM 98**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine[1], agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1998/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, trí bhíthin Dearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí'), thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach ag an Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) I mí an Mhárta 2025, bhí líon mór íospartach ann, lena n-áirítear go leor sibhialtach, mar thoradh ar rabharta foréigin i réigiún cósta na Siria.. An 11 Márta 2025, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas thar ceann an Aontais inar cháin an tAontas na coireanna uafásacha a rinneadh i gcoinne sibhialtach, lena n-áirítear maruithe treallacha. Ina theannta sin, tá ról díchobhsaitheach fós ag gníomhaithe a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad agus tá siad freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine sa tSiria nó tugann siad tacaíocht dóibh.

PUBLIC

(4) Sa chomhthéacs sin, ba cheart cúigear a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '121. | Miqdad Lu'ay FATIHA<br>ar a dtugtar freisin<br>Miqdad FATIHA,<br>Miqdad FUTAIHA, Abu Jafar, Abu Jaafar, Abu Ja' afar | مقداد لؤيّ فتيحة<br>فتيحة مقداد<br>(litriú Araibise) | Dáta breithe: 19.6.1989<br>Áit bhreithe: Jableh, Latakia, an tSiria<br>Náisiúntacht: Siriach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: An tSiria/an Liobáin | Is iarchomhalta Miqdad Fatiha de Gharda Poblachtach na Siria, a díscaoileadh ó shin. Sa ról sin, bhí sé freagrach as go leor sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh na bpríosúnach agus íde chruálach eile a thabhairt.<br>Tar éis thitim réimeas al-Assad i mí na Nollag 2024, bhunaigh Miqdad Fatiha mílístí i réigiúin chósta na Siria, rud a chuir leis an teannas seicteach agus a ghríosaigh daoine chun foréigean. Bhí baint ag na haonaid faoina cheannas le foréigean seicteach mhí an Mhárta 2025 i réigiún cósta na Siria inar cailleadh na céadta sibhialtach.<br>Mar cheannaire ar na mílístí, tá Miqdad Fatiha freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 122. | Ghaith DALLA<br>ar a dtugtar freisin Ghiath Suleiman DALLA,<br>Ghyath DALLA,<br>Ghayth DALLA | غياث سليمان دلا<br>دلّا سليمان غياث<br>(litriú Araibise) | Dáta breithe: 31.7.1971<br>Áit bhreithe: Beit Yashout, an tSiria<br>Náisiúntacht: Siriach<br>Inscne: fireann<br>Daoine aonair comhlachaithe: Maher Al-Assad<br>Eintitis chomhlachaithe: An Ceathrú Rannán d'Arm na Siria, an Chomhairle Mhíleata um Shaoirse na Siria | Is iar-Bhriogáidire-Ghinearál é Ghaith Dalla sa Cheathrú Rannán d'Arm na Siria le linn réimeas al-Assad, ar rannán é ar a bhfuil míchlú. Sa ról sin, bhí sé freagrach as go leor sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha doiciméadaithe i réimse chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithniúnacha agus íde chruálach an ocrais.<br>Tar éis thitim réimeas al-Assad, bhunaigh Ghaith Dalla 'an Chomhairle Mhíleata um Shaoirse na Siria' i mí an Mhárta 2025 agus is é a stiúrann í. Tá teannas seicteach agus foréigean á ngríosú ó shin ag a mhílíste i réigiún cósta na Siria. Bhí baint ag aonaid Ghaith Dalla le foréigean seicteach mhí an Mhárta 2025 i réigiún cósta na Siria inar cailleadh na céadta sibhialtach.<br>Dá bhrí sin, tá Ghaith Dalla freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine. | + |

PUBLIC

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 123. | Suhayl AL-HASAN<br>ar a dtugtar freisin Suhail Salman AL-HASAN, Suhail AL-HASSAN | سهيل سلمان الحسن<br>(litriú Araibise) | Dáta breithe: 10.6.1970<br>Áit bhreithe: Jableh, Latakia, an tSiria<br>Náisiúntacht: Siriach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Tartus, an tSiria | Is Iar-Cheannasaí Suhayl al-Hasan ar Rannán 25 d'Fhórsaí Misin Speisialta fhórsaí armtha na Siria faoi réimeas al-Assad. Sa ról sin agus sna poist iomadúla eile a bhí aige i bhfórsaí armtha na Siria, rinne sé nó bhí sé i gceannas nuair a rinneadh an iliomad sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, maruithe seachbhreithiúnacha agus gabhálacha treallacha. Tuairiscítear freisin gurb é a bhí i gceannas nuair a ordaíodh go n-úsáidfí airm cheimiceacha.<br>Tar éis thitim réimeas al-Assad, bhunaigh Suhayl al-Hasan briogáid ar a dtugtar an 'Coastal Shield Brigade' i mí an Mhárta 2025. Tá teannas seicteach agus foréigean á ngríosú ó shin ag a mhílíste i réigiún cósta na Siria. Bhí baint ag aonaid Suhayl al-Hasan le foréigean seicteach mhí an Mhárta 2025 i réigiún cósta na Siria inar cailleadh na céadta sibhialtach.<br>Dá bhrí sin, tá Suhayl al-Hasan freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 124. | Mudalal KHOURY<br>ar a dtugtar freisin Madalal (Mtanyus) KHURI,<br>Mudallal KHOURY<br>Mudallal KHOURI | مدلل خوري<br>(litriú Araibise) | Dáta breithe: 18.6.1957<br>Áit bhreithe: Homs, an tSiria<br>Náisiúntacht: Siriach, Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Moscó<br>Duine aonair comhlachaithe:<br>Imad Khoury | Is fear gnó Siriach-Rúiseach é Mudalal Khoury arb í an Rúis a bhunáit ghníomhaíochta. Tá sé ar dhuine de na pearsana gnó is mó le rá sa tSiria a thacaigh le réimeas al-Assad. I gcomhthéacs inar bhain réimeas al-Assad úsáid as buamaí bairille agus airm cheimiceacha i gcoinne phobal sibhialtach na Siria, rinne Mudalal Khoury ionadaíocht ar leasanna gnó agus airgeadais an réimis sa Rúis. I measc nithe eile, chuir sé cuideachtaí caocha ar fáil lena n-úsáid le haghaidh chláir arm ceimiceach agus balaistíoch réimeas al-Assad.<br>Dá bhrí sin, thug Mudalal Khoury tacaíocht airgeadais, theicniúil agus ábhartha do sháruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe coireanna in aghaidh an chine dhaonna. | [+] |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 125. | Imad KHOURY<br>ar a dtugtar freisin Emad KHOURY, Mtanyus KHURY, KHURI, KHOURI | عماد خوري<br>(litriú Araibise) | Dáta breithe: 3.10.1964<br>Náisiúntacht: Siriach, Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Duine aonair comhlachaithe: Mudalal Khoury | Tá Imad Khoury ar dhuine de na pearsana gnó is mó le rá sa tSiria a thacaigh le réimeas al-Assad. I gcomhthéacs inar bhain réimeas al-Assad úsáid as buamaí bairille agus airm cheimiceacha i gcoinne phobal sibhialtach na Siria, rinne Imad Khoury ionadaíocht ar leasanna gnó agus airgeadais an réimis. I measc nithe eile, bhunaigh sé cuideachta a bhí mar chuid de scéim sciúrtha airgid a bhí mar thaca le réimeas al-Assad. Ar an gcaoi sin, in éineacht lena dheartháir Mudalal Khoury, chuidigh sé leis an maoiniú ar na coireanna tromchúiseacha in aghaidh an chine dhaonna a rinneadh faoi réimeas al-Assad.<br>Dá bhrí sin, thug Imad Khoury tacaíocht airgeadais, theicniúil agus ábhartha do sháruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, go háirithe coireanna in aghaidh an chine dhaonna. | +’. |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.